# Cén Cruth?

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás – cruthanna 2T, cruthanna 3T<br>*Comhtháthú – Teanga, OSIE* |
| **Scileanna Forbartha** | Cumarsáid agus cur in iúl - éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé<br>– torthaí gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a chlárú ag úsáid léaráidí, pictiúr agus siombailí<br><br>Comhtháthú agus nascadh – matamaitic a aithint sa timpeallacht |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | uimhreacha go 99, dísle, caitheamh, malartaigh, colún na ndeicheanna, colún na n-aonad, ionadchoinneálaí |
| **Áiseanna** | teimpléad le leaganacha difriúla de bhiongó na gcruthanna |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Plé ranga ina sainaithníonn daltaí cruthanna 2T agus 3T ina dtimpeallachtaí máguaird, idirdhealú á dhéanamh maidir le líon na dtoisí agus iad a ainmniú i gceart. Imríonn daltaí an cluiche 'Cén Cruth Mé' ar a seal, áit a dtugann siad leideanna faoin gcruth ar a bhfuil cur síos á dhéanamh acu ag úsáid a n-airíonna. Mar shampla, 'Is cruth 3T mé. Tá aghaidh amháin orm agus is féidir liom rolladh.'

### 2 Gníomhaíocht 2

Imríonn na daltaí cluiche de bhiongó na gcruthanna, tugtar clár a bhfuil cruthanna 2T agus 3T air dóibh. Clúdaíonn siad cruth ar a gclár nuair a léann an múinteoir ainm an chrutha sin, nó nuair a dhéanann sé cur síos air (féach difreáil). Is é an dalta a chomhlánaíonn líne nó an clár iomlán an buaiteoir.

### 3 Gníomhaíocht 3

Roinn an rang ina ghrúpaí de 4 nó 5. Iarr orthu a leagan féin de na cruthanna a chruthú ina mbeidh dalta amháin mar scairteoir agus na daltaí eile ina n-imreoirí. Fiosraigh bealaí difriúla chun na cruthanna a scairteadh (m.sh., ainm an chrutha, cur síos ar an gcruth, dathanna a chur leis an gcruth chun idirdhealú a dhéanamh).


## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • An cruth 2T nó 3T é seo?<br>• Cén cruth é seo?<br>• Cé mhéad coirnéal, faobhar atá ar ______? | • Conas atá dronuilleog difriúil le cearnóg?<br>• Conas atá a fhios agat gur cruth 2T/3T é seo?<br>• Cén fáth a síleann tú gur ____ é an rud seo?<br>• Cad a fuair tú amach faoi chruthanna 2T /3T?<br>• Cén áit a bhfaighfeá na cruthanna 2T/3T seo?<br>• Déan cur síos ar chearnóg/triantán / ciorcal srl. |


## Difreáil

Socraigh an tslí a ndéanann daltaí cur síos ar na cruthanna difriúla de réir a dtuisceana, mar shampla ainmneoidh roinnt acu an cruth go díreach, tabharfaidh cuid eile leideanna ag úsáid airíonna an chrutha. Méadaigh nó laghdaigh líon na gcruthanna de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.


## Biongó na gCruthanna




## Biongó na gCruthanna




## Biongó na gCruthanna




## Biongó na gCruthanna




## Biongó na gCruthanna




## Biongó na gCruthanna




## Biongó na gCruthanna




## Biongó na gCruthanna




## Biongó na gCruthanna




## Biongó na gCruthanna



## Biongó na gCruthanna



## Biongó na gCruthanna



## Biongó na gCruthanna

# Biongó

| | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |